

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Iniúchadh ar Leithdháileadh Acmhainní
Eanáir 2022



ÁBHAR

Acrainmneacha	3
1. Réamhrá agus Cúlra	4
2. Modheolaíocht don Iniúchadh	6
3. An Staid Reatha	6
3.1 Sonraí Airgeadais	7
3.2 Líon Foirne	8
3.3 Gníomhaíocht Tuairiscithe	8
3.4 Fiosrúcháin Reachtúla	12
3.5 Faisnéis maidir le Bainistíocht Feidhmíochta	13
4 Struchtúr na hEagraíochta	15
5 Anailís Chomparáideach – Comhlachtaí Rialála in Éirinn	18
5.1 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste (OCAG)	18
5.2 An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (Comreg)	18
5.3 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí	19
5.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC)	20
5.5 Tábla Náisiúnta Comparáideach	22
6 Anailís a dhéanamh ar chomhlachtaí rialála comparáideacha san Eoraip	24
7 Conclúidí	29
8 Moltaí	33
9 Admháil	35
Aguisín 1 – Ráiteas maidir le Freagracht	36

Acrainmneacha

DPC – An Coimisiún um Chosaint Sonraí.

EDPB – An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

IIA – Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha

SLA – Comhaontú Seirbhíse.

DPER – An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

CNIL – Commission nationale de l'informatique et des libertés

Comreg – An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide

GSOC – Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC)

CCPC – An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

OCAG – Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

1. Réamhrá agus Cúlra

Ceapadh KOSI chun iniúchadh a dhéanamh ar leithdháileadh acmhainní don DPC ina gcuirtear san áireamh rioscaí atá ag teacht chun cinn mar gheall ar athrú ar éileamh agus ar chomhthéacs dlíthiúil atá ag imirt tionchar ar an DPC. Cuireadh an t-iniúchadh i gcrích agus struchtúr, líon na mball foirne agus éifeachtúlacht shamhail reatha na heagraíochta á gcur san áireamh i bhfianaise na rioscaí sin agus rinneadh struchtúir comhlachtaí piara agus analógacha a bhreithniú ag an am céanna.

D'fhorbair an DPC ó níos lú ná 30 ball foirne agus leithdháileadh airgeadais €1.7m sa bhliain 2014 le bheith ina heagraíocht a raibh leithdháileadh airgeadais €19.1m aici sa bhliain 2021 mar aon le líon ball foirne 195 ag deireadh na bliana 2021 le 225 ball foirne ceadaithe.

Chuir an eagraíocht in iúl go bhfuil roinnt rioscaí os a comhair, lena n-áirítear riosca cáile méadaithe a bhaineann leis an am atá ag teastáil chun fiosrúcháin a shanntar di a iniúchadh agus mar gheall ar chastachtaí agus éagsúlacht san am a ghlactar chun cásanna a chur i gcrích faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018. Dá bharr sin, ó thaobh dhearcadh an DPC de, is iad seo a leanas na dúshláin atá le sárú ag an eagraíocht;

- a) nach bhfuil a cuspóirí i leith seirbhís do chustaiméirí á gcomhlíonadh
- b) brú níos mó bheith ar acmhainní inmheánacha agus líon níos mó cásanna oscailte bheith ann atá ag méadú freisin
- c) díobháil cáile
- d) méadú ar chásanna atá faoi réir athbhreithniú breithiúnach agus/nó caingean dlí eile

Tá tuairim láidir laistigh den eagraíocht go bhfuil an tsamhail eagraíochtúil atá tagtha chun cinn ina cúis le barraíocht post sinsearach a bhfuil riosca neamhchomhlíonta ag baint leo agus go bhfuil laghdú tagtha ar an gcumas i leith bainistíocht straitéiseach. Tá dearcadh ann go bhféadfadh sé nach bhfuil an tsamhail reatha oiriúnach don fheidhm a thuilleadh.

Chomh maith leis sin, d'aithin an DPC an neamhchinnteacht atá ann mar gheall go bhféadfadh ról an Choimisinéara a roinnt bheith ina riosca eile.

Ó thaobh dhearcadh na heagraíochta de, tá an riosca maidir le cliseadh gnó nó maidir le feidhmíocht ghnó do-ghlactha á dhéanamh níos measa mar gheall ar an gcomhthéacs dlí agus gnó. Áirítear leis sin athrú bheith tagtha ar mhéideanna éilimh i ndiaidh an GDPR, ról an DPC mar phríomhúdarás maoirseachta i leith cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn agus an creat dlí atá á forbairt lena n-áirítear freagrachtaí agus rialacháin a bhaineann leis an Treoir maidir le R-Phríobháideachtas. Ar leithligh, tá stádas údaráis chuí ag an DPC anois.

Is iad seo a leanas na rioscaí is airde ar Chlár Rioscaí an DPC:

- Riosca cáile a bhaineann leis an am atá ag teastáil chun an chéim iniúchta de na fiosrúcháin sin a shanntar a chur i gcrích.
- Gan maoiniú a fháil agus a choinneáil le haghaidh obair rialála agus oibríochta, agus gan údarú a fháil i leith príomh-mhíreanna caiteachais, a chuirfear isteach ar chumas na heagraíochta a cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus oibleagáidí faoi reachtaíocht rialaitheach a chomhlíonadh.

Scrúdaigh an ARC an gá atá le hiniúchadh ina gcuirfí an riosca i leith acmhainní san áireamh agus thacaigh an ARC leis sin.

Thug an eagraíocht ar aird gur aithníodh roimhe seo an gá atá le baill foirne agus leithdháileadh airgeadais bhreise mar mheicníocht chun riosca a laghdú, ach i bhfianaise na hacmhainne saineolais a theastaíonn ón DPC, tá tréimhse feithimh i gceist le leibhéal agus saineolas na hacmhainne atá ag teastáil a fháil.

Is é cuspóir an iniúchta seo athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail reatha maidir le leithdháileadh acmhainní agus measúnú a dhéanamh cibé a bhféadfaí aon fheabhsuithe a dhéanamh ar an tsamhail seo i ndáil le luach ar airgead (VFM). Déantar VFM a thomhas agus a mheasúnú i dtéarmaí na barainneachta, éifeachtúlachta agus éifeachtachta ina gcomhlíonann comhlacht a shainchúram agus ina mbaineann sé cuspóirí corparáideacha amach.

Áiríodh le raon an iniúchta breithniú a dhéanamh ar na héilimh atá ar an DPC maidir le méideanna agus líon na gcásanna, samhail struchtúrtha reatha na heagraíochta, leithdháileadh acmhainní, aon bhearna agus aon mheath a bhraitear sa tsamhail riosca. Cé nach n-áirítear leis an raon seo iniúchadh a dhéanamh ar scileanna, cuireadh san áireamh breithniú a dhéanamh ar an gconair agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn ón eagraíocht chun VFM a bharrfheabhsú d'fhonn sainchúram an DPC a chomhlíonadh agus an riosca a íoslaghdú.

2. Modheolaíocht don Iniúchadh

Bhí an cur chuige i leith an iniúchta bunaithe ar athbhreithniú agus ar thástáil, bunaithe ar Chaighdeán Iniúchta Inmheánaigh (IASanna) arna n-eisiúint ag Institiúid na nIniúcháirí Inmheánacha (IIA).

Tionóladh líon cruinnithe webex, chuir an DPC líon doiciméad bainistíochta ar fáil agus fuarthas taighde agus faisnéis chomparáideach i ndáil le comhlachtaí comparáideacha.

Teorainneacha an Raoin

Mar gheall ar an bpaindéim COVID 19, níor tugadh aon chuairt fhisiceach ar oifigí an DPC, agus ní dhearnadh aon athbhreithniú ná measúnú ar thaifid fhisiceacha ar an láthair. Is ó chian a cuireadh an t-iniúchadh i gcrích trí úsáid a bhaint as cumarsáid leictreonach / dhigiteach. Luadh sa tuarascáil gur chuir sé sin isteach ar an iniúchadh a rinneamar.

3. An Staid Reatha

Roimh an 25 Bealtaine 2018, is mar oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí a bhí an DPC.

I gcuid 4 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 aistríodh gach maoín, ceart agus dliteanas ó sheanoifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig comhlacht neamhspleách a bhfuil buiséad in leith, an DPC.

Tá an DPC ar an gcomhlacht náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as tacú le cearta daoine aonair maidir le cosaint sonraí agus rialú a dhéanamh ar an iliomad eagraíochtaí atá lonnaithe in Éirinn a phróiseálann sonraí pearsanta i gcaitheamh a gcuid gnó. Tá rialú sonraí ina ceist agus gné chomparáideach bharrthábhachtach i gcinnteoireacht maidir le gnó a lonnú.

Méadaíodh feidhmeanna agus freagrachtaí an DPC le bheith ina údarás um chosaint sonraí ag a bhfuil sainchúram ar fud an AE. Tá freagracht ar an DPC anois as an iliomad ilnáisiúntaigh theicniúla domhanda a bhfuil ceanncheathrú na hEorpa acu in Éirinn a rialú agus as tacú le cearta cosanta sonraí úsáideoirí na seirbhísí a chuireann na gnólachtaí seo ar fáil in Éirinn agus san AE.

Mar thoradh ar shainchúram breisithe an DPC, tá méadú suntasach tagtha ar a bhuiséad agus ar líon na mball foirne agus tá méadú ag teacht ar ualach oibre an DPC i gcónaí, mar gheall ar rialacháin GDPR, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí agus reachtaíocht r-Phríobháideachais. Chomh maith leis sin, bhí ar an DPC freagra a thabhairt ar chomhairliúcháin bhreise faoi Airteagal 36, mar shampla, chun aghaidh a thabhairt ar

shaincheisteanna maidir le COVID-19 agus i gcomhthéacs níos leithne, tháinig ualach oibre méadaithe chun cinn i ndiaidh an Bhreitheachta lena n-áirítear freagrachtaí mar Phríomh-Athbheithneoir maidir le cásanna ina bhfuil Rialacha Ceangailteacha Corparáideacha i gceist.

Thrácht an DPC ar an éifeacht chlaochlaitheach a bhí air nuair, ‘a rinneadh athrú as cuimse ar shainchúram Choimisiún um Chosaint Sonraí na hÉireann ar an 25 Bealtaine 2018, inar tugadh na cuideachtaí ilnáisiúnta mórsála iomadúla a bhfuil ceanncheathrú acu in Éirinn laistigh de raon rialála an DPC.’ Luaigh siad, ‘i ndiaidh an GDPR a chur i bhfeidhm, gníomhaíonn an DPC anois mar Phríomhúdarás Maoirseachta i ndáil le heintitis ar nós Facebook, WhatsApp, Twitter, MTCH, LinkedIn agus Google; i gcomhréir leis an meicníocht maidir le hionaid Ilfhreastail den Rialachán.’

D’aithin an DPC a phríomhriosca corparáideach bheith ar an mbaol nach bhfaighfí agus nach gcoinneofaí maoiniú i leith na hoibre rialála agus oibríochta a dhéanann sé, agus nach bhfaighfí údarú i leith príomh-mhíreanna caiteachais a chuirfeadh isteach ar chumas na heagraíochta cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus oibleagáidí a chomhlíonadh faoin reachtaíocht rialaitheach.

Luaitear spriocanna straitéiseacha Straitéis Rialála an DPC 2022 – 2027 mar; 1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach 2. Daoine aonair a chosaint agus feachtas ar chosaint sonraí a ardú 3. Tosaíocht a thabhairt do pháistí a chosaint agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint 4. Soiléireacht a thabhairt do pháirtithe leasmhara 5. Tacú le heagraíochtaí agus comhlíontacht a chothú.

3.1 Sonraí Airgeadais

Tá an méid seo a leanas ina nóta de chaiteachas comparáideach an DPC le 3 bliana anuas i gcomparáid le tús na heagraíochta sa bhliain 2014 (€1.7m).

Bliain	2019	2020	2021
Caiteachas bliantúil €M	10.4	12.2	*14.757

*Scoilt Olltoraidh: Caiteachas pá €9.326M (Buiséad €12.764M) agus caiteachas neamhphá €5.431M (Buiséad €6.364M). B’ionann caiteachas iomlán na bliana go dtí seo agus €4.37M.

B’ionann an buiséad a comhaontaíodh don DPC don bhliain 2022 agus €22.23M.

3.2 Líon Foirne

Chuireamar sonraí ar fáil thíos maidir leis an líon foirne le 4 bliana anuas i gcomparáid le tús na heagraíochta sa bhliain 2014 (<30 fostaí).

Bliain	2018	2019	2020	2021
Líon Foirne	90	138	151*	195*

*Áirítear baill foirne sealadacha leis na figiúirí thuas.

3.3 Gníomhaíocht Tuairiscithe

Áiríodh le Tuarascáil Bhliantúil an DPC don bhliain 2020 na staitisticí feidhmíochta seo a leanas:

Bliain	2019	2020
Cásanna	9,337	10,151
Gearáin Aonair a Fuarthas	6,904	4,660
Fógraí maidir le Sárú	6,255*	6,628

*Staitisticí arna gcur ar fáil ag Aonad um Fheidhmíocht Oibríochtúil an DPC.

2019

Áiríodh le Tuarascáil Bhliantúil an DPC don bhliain 2019 na staitisticí feidhmíochta seo a leanas:

B'ionann líon iomlán na nGearán a fuarthas agus 7,215, arbh é an chatagóir aonair ba mhó ná "Cearta Rochtana", a bhí ina cúis le 29% de na gearáin ar fad a fuarthas.

Déileáladh le 6,904 gearán faoin GDPR agus déileáladh le 311 gearán faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

Maidir leis an 6,904 gearán a fuarthas maidir le GDPR, bhí 1,252 gearán á measúnú ar bhonn gníomhach an 31 Nollaig 2019, cuireadh 1,098 gearán ar aghaidh chuig láimhseáil gearán agus cuireadh deireadh le 4,554 gearán.

Ar an iomlán, cuireadh deireadh le 5,496 gearán sa bhliain 2019 agus bhí 2,582 gearán fós idir lámha ag deireadh na bliana. Chomh maith leis sin, cuireadh deireadh le 620 gearán faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.

2020

Tuairiscíodh an fhaisnéis seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil an DPC don bhliain 2020.

Láimhseáil an DPC líon iomlán de 10,151 cás sa bhliain 2020, ar méadú 9% atá ann ar fhigiúirí na bliana 2019 (9,337).

Fuair an DPC 4,660 gearán ó dhaoine aonair faoin GDPR. Ar an iomlán, chuir an DPC deireadh le 4,476 gearán, lena n-áirítear 1,660 gearán a fuarthas roimh an mbliain 2020;

Lean an DPC d'amanna conclúide do chásanna a laghdú (rinneadh an meánlíon laethanta a ghlac sé chun deireadh a chur le cás a laghdú 53% ó tháinig an GDPR i bhfeidhm);

B'ionann líon iomlán na bhfógraí maidir le sárú a fuarthas sa bhliain 2020 agus 6,628.

Bhí méadú 10% ar fhógraí maidir le sárú i gcomparáid leis na figiúirí don bhliain 2019.

Maidir le líon iomlán na gcásanna maidir le sárú, cuireadh deireadh le 90% díobh sin sa bhliain 2020 (5,932 cás).

Ag deireadh na bliana 2020, bhí 83 fiosrúchán reachtúil oscailte ag an DPC i gcomparáid le 70 sa bhliain 2019. Maidir leis an líon iomlán sin, bhain 27 gcinn le gné thrasteorann.


2021

Chuir Aonad um Fheidhmíocht Oibríochtúil an DPC na sonraí comparáideacha seo a leanas ar fáil bunaithe ar fhaisnéis a bhaineann leis an mbliain 2019, 2020 agus 2021 (suas chomh fada leis an 21 Deireadh Fómhair). Bunaithe ar an bhfaisnéis seo, tá comhartha ann go bhfuil an bhuaic sroichte maidir le héileamh i ndáil leis na príomhréimsí aschuir oibríochtúla.

Nótáiltear an tábla seo a leanas agus an léaráid a ghabhann leis:

Éileamh	2019	2020	2021 (go dtí an 21/10/21)
Ceisteanna a Fuarthas	2291	5430	6033


Gearáin maidir le Sárú ar Shonraí Pearsanta GDPR a Fuarthas	7052	4831	2885
Líon Iomlán na bhFógraí maidir le Sárú a Fuarthas	6255	6782	5512



Tuarascáil DPC na hÉireann 2018 -2020 maidir le ‘Gníomhaíocht Rialála faoin GDPR’

I dTuarascáil DPC na hÉireann 2018 -2020 maidir le ‘Gníomhaíocht Rialála faoin GDPR’ luaitear an méid seo a leanas:

Amanna Freagartha




Thug an DPC le fios go bhfuil éagsúlacht idir amanna freagartha ar bhonn gach cáis ar leithligh. Léirítear sa tábla thuas gur tháinig laghdú dearfach ar an am a ghlac sé chun cásanna a réiteach/a thabhairt chun deiridh. Bhí an DPC in ann treocht anuas a léiriú maidir le hamanna conclúide do chásanna agus an meánlín laethanta a ghlac sé chun deireadh a chur le cás nó ceist laghdaithe 53% le linn na gcéad 24 mhí den GDPR. Tá an laghdú seo in amanna freagartha comhghaolach leis an méadú ar leithdháileadh acmhainní don DPC.

Staitistic	25/5/2018 go 25/5/2020	1/9/2019 go 25/5/2020	1/1/2020 go 25/5/2020
An meánlín laethanta chun deireadh a chur le cás/ceist DPC	49	35	26
An líon laethanta airmheánacha chun deireadh a chur le cás/ceist DPC	37	28	15
An meánlín laethanta chun	17.6	13.6	10.3
Laethanta airmheánacha chun deireadh a chur le ceist	4	3	2

Chomh maith leis sin, i dTuarascáil DPC na hÉireann 2018 -2020 maidir le ‘Gníomhaíocht Rialála faoin GDPR’, rianaíodh an líon cásanna de réir an dáta a bhfuarthas iad idir an bhliain 2018 agus deireadh ráithe 2 na bliana 2020.

Léirítear sa tábla thíos buaic a bheith sroichte i méid na gcásanna a fuarthas.

Cases (including queries) by Received Date



Infheistíonn an DPC acmhainní suntasacha i gcláir bhreistithe choisctheacha agus oideachais. Beidh tionchar ag na cláir seo ar an éifeacht a bheidh ag an méid cásanna ar an DPC.

Is deacair an éifeacht a bheidh ag teagmhais shuntasacha ar nós ionsaithe bogearraí éirice agus sáruithe cibearshlánda eile a thuar ach ní mór planáil a dhéanamh i leith na ndúshlán seo agus dúshlán eile le linn samhail acmhainní an DPC a chur ar bun ionas go mbeadh an DPC in ann gníomhú i leith borradh ar éileamh.

3.4 Fiosrúcháin Reachtúla

Chomh maith leis sin, infheistíonn an DPC acmhainní suntasacha i bhfiosrúcháin reachtúla.

Cé go bhfuil méid líon na gcásanna ina phríomhspreagadh agus táscaire i ndáil le riachtanas acmhainní, tá sé tábhachtach freisin, agus riachtanais acmhainní an DPC á gcinneadh, an éifeacht atá ag Fiosrúcháin Reachtúla a chur san áireamh astu féin freisin lena n-áirítear Fiosrúcháin dá leithéid a bhfuil gné trasteorann i gceist leo.

Ós rud é go bhfuil stair agus taithí ag méadú maidir leis an méid ionchuir a bhíonn ag teastáil chun acmhainní a chur ar fáil d'Fhiosrúcháin, faoi réir na córais seo bheith i bhfeidhm ag an DPC chun na hionchuir seo a rianú, ba chóir go mbeadh an eagraíocht in ann planáil agus buiséadú níos fearr a dhéanamh do riachtanais acmhainní sa sainréimse seo amach anseo. Is é an léirmhíniú atá ann mar thoradh ar ár gcainteanna go bhfuil pearsanra níos sinsearaí a

bhfuil taithí agus saineolas níos fearr acu ag teastáil mar gheall ar chastacht na saincheistanna a thagann chun cinn i réimse na bhfiosrúcháin.

Chomh maith leis sin, is é an tuiscint atá againn go bhfuiltear ar brath níos mó ar acmhainní dlí seachtracha chun tacú leis an DPC i bhfiosrúcháin Reachtúla i bhfianaise méadú bheith tagtha ar mhéid agus chastacht na gcásanna dlí ina bhfuil an DPC páirteach.

Líon na bhFiosrúcháin Reachtúil

Bliain	2018	2019	2020	2021
Líon na bhFiosrúcháin Reachtúil Gníomhach	15	70	83	84 (Beo faoi láthair)

Ón 25 Bealtaine 2018 i leith, chuir an DPC tús le 100 Fiosrúcháin (35 Fiosrúcháin Trasteorann agus 65 Fiosrúcháin Náisiúnta).

As an 100 fiosrúcháin seo, cuireadh deireadh le 16; eisíodh 14 Cinneadh Fiosrúcháin (2 chinneadh fiosrúcháin trasteorann agus 12 cinneadh fiosrúcháin Náisiúnta) agus rinneadh 2 fiosrúcháin Trasteorann a chur ar cheal/ a tharraingt siar.

As an 84 Fiosrúcháin nár cuireadh deireadh leo go fóill, tá 31 cinn díobh ina bhfiosrúcháin Trasteorann agus tá 53 cinn ina bhfiosrúcháin Náisiúnta.

3.5 Faisnéis maidir le Bainistíocht Feidhmíochta

Tá Foireann Oibríochta an DPC i mbun faisnéis maidir le bainistíocht feidhmíochta a fhorbairt. Tá an fhaisnéis reatha maidir le bainistíocht feidhmíochta ina faisnéis theoranta.

Éifeachtúlacht

Cé go ndéantar rianú ar an meánlíon laethanta agus laethanta airmheánacha a ghlahtar chun deireadh a chur le ceistanna agus gearáin, ní chuimsíonn an mhodheolaíocht a úsáidtear ionchuir acmhainní a ídítear trí cheistanna agus gearáin a aistriú ó ‘oscailte’ go dtí ‘críochnaithe’.

Mar shampla, i gcás gearáin GDPR, baineann an loighic a úsáidtear chun laethanta a ríomh chun deireadh a chur leo le foirmle ina ríomhtar na laethanta féilire idir an Dáta a Fuarthas agus an Dáta Stádais ina bhfuil Stádas comhionann le **críochnaithe**. Ansin, déantar an meán agus an airmheán a ríomh bunaithe ar na figiúirí sin. Toisc nach bhfuil aon ghaol idir na hionchuir agus na haschuir a rianaítear san fhoirmle seo, ní féidir ach comhartha a chur ar fáil maidir le héifeachtúlacht tríd an am caite meánach nó airmheánach ón tráth a fuarthas go dtí an tráth ar cuireadh deireadh leis, go háirithe i bhfianaise an méadú atá tagtha ar acmhainní agus cumas an DPC.

Cé go bhfuil gach cás difriúil ó thaobh castachta de, i bhfianaise líon na gcásanna, meastar go bhfuil sé réasúnach glacadh leis go socróidh an meánlíon cásanna ionas go mbeifear in ann comparáidí feidhmíochta a chur i gcrích bliain i ndiaidh bliana. D’fhonn éifeachtúlacht a thomhas amach anseo, beidh sé riachtanach ionchuir a rianú mar aon le haschuir ó thaobh an ama meánaigh agus airmheánaigh go dtí críochnú agus na hacmhainní meánacha agus airmheánacha a chaitear ar gach aon chás. Ionas go mbeifear in ann é sin a dhéanamh, beidh sé riachtanach an t-am ionchuir in aghaidh gach cáis a rianú.

Léiriú ar an tábhacht atá le hairmheán mar thomhas is ea Rannán um Fheidhmíocht Oibríochtúil an DPC. Mar iniúcháirí, aontaímid leis an dearcadh seo toisc go bhféadfadh cásanna seanbhunaithe gardhíomhaoine tomhais feidhmíochta a chur as riocht.

Rinneadh athbhreithniú ar an bhfaisnéis maidir le feidhmíocht a choinníonn Feidhmíocht Oibríochtúil. San fhaisnéis a áirítear laistigh, tugtar le fios leibhéal ard agus leanúnach de chásanna oscailte ag deireadh tréimhsí san Aonad Faisnéise agus san Aonad Measúnaithe agus riachtanas i leith acmhainní breise sna réimsí seo chun dul i ngleic leis an riaráiste. Tugtar an méid seo a leanas faoi deara:

An Mhí dar Críoch	Ean 21	Fea 21	Már 21	Aib 21	Bea 21	Mei 21	Iúil 21	Lún 21	M. Fó 21	D. Fó 21	Sam 21
Aonad Faisnéise – cásanna oscailte	1054	1416	1691	1733	1645	1689	1447	1469	1161	876	1063
Aonad Measúnaithe – cásanna oscailte	823	759	739	825	806	857	918	929	951	950	942

[illegible]

Mar aon le comparáid a dhéanamh idir meadaracht bliain i ndiaidh bliana, is gné thábhachtach den chreat bainistíochta acmhainní ionchuir sprice a dheimhniú agus iad a chur i gcomparáid le hionchuir iarbhír. Ar dtús, d'fhéadfadh na spriocanna seo bheith ina n-ionchuir sprice mheánacha agus/nó ionchuir sprice airmheánacha agus bheith dírithe ar agaí slánúcháin. Gné thábhacht maidir le cinnteacht a chur ar fáil ó thaobh éifeachtúlacht (ionchuir/aschuir) agus agaí slánúcháin ghaolmhara is ea spriocanna a fhorbairt agus tomhas a dhéanamh ina n-aghaidh.

Is féidir anailís bhreise a dhéanamh ar éifeachtúlacht trí anailís a dhéanamh ar na costais ar fad, idir chostais dhíreacha agus indíreacha a bhaineann le haschuir cásanna an DPC. Trí shamhail chun anailís a dhéanamh ar chostáil atá bunaithe ar ghníomhaíocht, d'fhéadfaí an fhaisnéis seo a chur ar fáil. Is éard a bheidh i gceist le hanailís dá leithéid modheolaíocht a bheartú chun bunús a lua le forchostais, lena n-áirítear HR, Riarachán Airgeadais *et al* in aghaidh aschuir an DPC. Is féidir beart dá leithéid a chur i gcrích gach aon bhliain agus beifear in ann comparáid a dhéanamh idir éifeachtúlachtaí costais trí bhreathnú ar an tsamhail chostais iomlán.


Tá ról tábhachtach ag feidhm airgeadais an DPC chun tacú le forbairtí sna réimsí thuas.

Éifeachtacht

Áirítear toradh na bhfiosrúchán le tomhais éifeachtachta. Go híorónta, d'fhéadfadh laghdú ar an líon cásanna bheith ina chomhartha ar éifeachtacht má thacaíonn torthaí suirbhéanna ábhartha maidir le seoladh teachtaireachtaí an DPC leis.

4 Struchtúr na hEagraíochta

Is mar seo a leanas atá an struchtúr eagraíochta sa DPC:



Tugtar an méid seo a leanas faoi deara;

- Faoi láthair, grádaítear Post an Choimisinéara ag an ngrád Rúnaí Cúnta (AS)
- Faoi láthair, grádaítear Poist an Leas-Choimisinéara (7) ag an ngrád Príomhoifigeach (PO)
- Tá cumhdach sa bhuiséad do phost breise mar Leas-Choimisinéir (PO)
- Faoi láthair, grádaítear Poist an Choimisinéara Cúnta (40) ag an ngrád Príomhoifigeach Cúnta (AP)
- Fuarthas ceadú do 2 phost mar Stiúrthóir (nua)

Bhí 145 ball foirne agus 6 fostaithe sealadacha i mbun oibre sa DPC sa bhliain dar críoch Nollaig 2020.

Tá meascán de 190 ball foirne lánaimseartha agus 5 fostaithe sealadacha i mbun oibre sa DPC i mí na Nollag 2021 de réir an tábla thíos:

Róil/ Freagrachtaí	Coimisinéir	PO	AP	HEO	AO	EO	CO	IOMLÁN
Líon na mBall Foirne	1	7	38	57	5	53	29	190

Moladh líon foirne 291 mar chuid d’aighneacht bhuiséid an DPC don bhliain 2022.

Róil/ Freagrachtaí	Coimisinéir	PO	AP	HEO	AO	EO	CO	Saineolaí Náisiúnta ar lasacht	IOMLÁN
Líon na mBall Foirne	1	11	51	103	13	77	34	1	291

I ndiaidh don DPC a leithdháileadh buiséid a fháil don bhliain 2022, rinne an DPC athphróifiliú ar an líon ball foirne agus táthar ag súil go mbeidh 258 ball foirne ann faoi dheireadh na bliana 2022.

Róil/ Freagrachtaí	Coimisinéir	Stiúrthóir	PO	AP	HEO	AO	EO	CO	Saineolaí Náisiúnta ar lasacht	IOMLÁN
Líon na mBall Foirne	1	2	14	49	81	7	71	32	1	258

5 Anailís chomparáideach – Comhlachtaí Rialála in Éirinn

Rinneadh anailís chomparáideach ar eagraíochtaí rialála comparadóra ina Éirinn agus idir an DPC agus na heagraíochtaí sin. Breathnaíodh ar na heagraíochtaí seo a leanas:

- An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (Comreg)
- Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC)
- An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
- Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Rinneadh comparáid idir na míreanna seo a leanas:

- Caiteachas
- Soláthar Foirne
- An Struchtúr Uachtarach
- Sraith 1 eagraíochtaí a ghrádú
- Sraith 2 eagraíochtaí a ghrádú

5.1 Oifig an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste (OCAG)

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara maidir le OCAG:

- ▶ Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste atá inti
- ▶ Cumhdaítear post an Ard-Reachtair sa reachtaíocht agus go stairiúil, is ionann an tuarastal agus tuarastal Ard-Rúnaí
- ▶ Caiteachas Oibríochta €14.3M (AFS 2020)
- ▶ 180 fostaí (AFS 2020)
- ▶ Tá an tArd-Reachtair tacaithe le triúr Stiúrthóirí Iniúchta – tá gráid comhionann le Rúnaí Cúnta

5.2 An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide (Comreg)

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara maidir le Comreg:

- ▶ Comhlacht Rialála atá ann
- ▶ Tá Cathaoirleach Coimisinéara ann de réir na reachtaíochta mar aon le beirt Choimisinéirí
- ▶ Tá Grúpa Ceannaireachta ann ina bhfuil seisear Stiúrthóirí a thacaíonn leis an nGrúpa Coimisinéara
- ▶ Tá struchtúr tuarastail suas le €230k -240k ann le 34 fostaí > €100k

- ▶ Tá tuarastail coimisinéara comhionann le hArd-Rúnaí agus Fo-Ard-Rúnaí (€180k, €163k, €163k) bunaithe ar 2020 AFS
- ▶ 136 fostaí (2020 AFS)
- ▶ Caiteachas oibríochtúil 2020: €26.7M (2020 AFS)
- ▶ Faigheann an Coimisiún ioncam ó roinnt foinsí lena n-áirítear tobhaigh, táillí ceadúnaithe agus ioncam speictrim

5.3 An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara maidir le CCPC:

- ▶ Comhlacht Rialála atá ann
- ▶ Bunaíodh é sa bhliain 2014 i ndiaidh Údarás Iomaíochta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a chónascadh
- ▶ Tá Grúpa Ceannaireachta ann – Cathaoirleach agus triúr comhaltaí (ceann amháin sealadach). Foráiltear do CEO sa reachtaíocht
- ▶ 119 fostaí (2020 AFS)
- ▶ Caiteachas na bliana 2020: €15.2M (2020AFS)

Tríd is tríd, baineann gráid agus scálaí pá na Státseirbhíse le baill foirne CCPC seachas i gcás grád an Chásoifigigh atá ina chónascadh de scála an Oifigigh Riaracháin agus an Phríomhoifigigh Chúnta. Féach thíos:

Grád	Líon fostaíthe ag an ngrád	Ciorclán ábhartha
Cathaoirleach	1	Is í an DPER a chinneann an tuarastal don phost seo agus baineann sé go sonrach leis an bpost
Comhalta	3	Is í an DPER a chinneann tuarastail do na poist seo agus baineann siad go sonrach leis an bpost
Príomhoifigeach	9	Príomhoifigeach – féach Ciorclán 09-2021
Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéil)	4	Príomhoifigeach Cúnta (Ardleibhéil)– féach Ciorclán 09-2021
Príomhoifigeach Cúnta	13	Príomhoifigeach Cúnta – féach Ciorclán 09-2021


Grád	Líon fostaithe ag an ngrád	Ciorclán ábhartha
Cásoifigeach	14	Cásoifigeach – (féach Scálaí Athbhreithnithe do Chásoifigigh)
Ardoifigeach Feidhmiúcháin	21	Ardoifigeach Feidhmiúcháin – féach Ciorclán 12-2020
Oifigeach Riaracháin	1	Oifigeach Riaracháin – féach Ciorclán 12-2020
Oifigeach Feidhmiúcháin	20	Oifigeach Feidhmiúcháin – féach Ciorclán 12-2020
Oifigeach Cléireachais	2	Oifigeach Cléireachais – féach Ciorclán 12-2020
Oifigeach Seirbhíse	1	Oifigeach Seirbhíse – féach Ciorclán 12-2020

5.4 Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána (GSOC)

Tugtar an méid seo a leanas faoi deara maidir le GSOC:

- ▶ Comhlacht Rialála atá ann
- ▶ Tá triúr Coimisinéirí ann, a bhfuil duine amháin díobh ina Chathaoirleach. (In ionad coimisiún bheith ann ina bhfuil triúr, tuigtear go bhfuil athrú á bhreithniú faoi láthair a mbeidh ombudsman amháin mar thoradh air, ar trí sin a bheidh ceannaire ag GSOC atá níos inaitheanta go poiblí).
- ▶ Tá Grúpa Ceannaireacht ann ina bhfuil Stiúrthóir Oibríochtaí, Ceann Dlí, Stiúrthóir Riaracháin.
- ▶ 127 fostaí (Tuarascáil Bhliantúil 2020)
- ▶ Caiteachas 2020: €11.1M (2020 AFS)

Is mar seo a leanas a chuir GSOC a struchtúr eagraíochta i láthair i mí na Nollag 2020¹:



¹ Ní raibh ach Coimisinéir amháin ann ag deireadh na bliana toisc gur tháinig deireadh le Téarmaí Ceapacháin beirt Choimisinéirí an 11 Nollaig 2020 agus bhí an próiseas ceapacháin do Choimisinéirí nua faoi bhealach.

5.5 Tábla Náisiúnta Comparáideach

Tá tábla achoimre de shonraí comparáideacha na bliana 2020 leagtha amach thíos:

	Comreg	GSOC	CCPC	OCAG	DPC
Caiteachas	€26.7M	€11.1M	€15.2M	€14.3M	€12.2M
Soláthar Foirne	136	127	119	180	151 Lena n-áirítear teagmhas (195 sa bhliain 2021)
An Struchtúr Uachtarach	Cathaoirleach an Choimisiúin agus 2 Choimisinéirí agus Grúpa ceannaireachta ina bhfuil seisear	Cathaoirleach an Choimisiúin agus 2 Choimisinéirí	Cathaoirleach agus 3 chomhaltaí breise	AG agus 3 Stiúrthóirí Iniúchta	Coimisinéir agus 7 Leas-Coimisinéirí
Sraith 1 eagraíochtaí a ghrádú	Luach saothair os cionn Ard-Rúnaí	Ard-Rúnaí	Leas-Ard-Rúnaí ²	Ard-Rúnaí	Rúnaí Cúnta

² Is é an tuiscint atá againn go bhfuil tuarastal an Chathaoirligh comhionann le Leas-Ard-Rúnaí

Sraith 2 eagraíochtaí a ghrádú	Luach saothair os cionn Leas-Ard-Rúnaí	Rúnaí Cúnta	Rúnaí Cúnta	Rúnaí Cúnta	Príomhoifigeach
--------------------------------	--	-------------	-------------	-------------	-----------------

Déantar na tráchtanna comparáideacha seo a leanas.

- Tá an grádú sraith 1 sa DPC ar an ngrádú is ísle de ghráid shraith 1 chomparáideacha.
- Tá an grádú sraith 2 sa DPC ar an ngrádú is ísle de ghráid shraith 2 chomparáideacha.
- Tá an líon foirne comparáideach ar an líon is airde nuair a úsáidtear líon foirne na bliana 2021 agus tá sé réamh-mheasta a bheith níos airde ná sin fós sa bhliain 2022.
- Bliain i ndiaidh bliana, tá ról aonair ceannaireachta ag gach comhlacht comparáideach (in ainneoin go ndéantar uainíocht ar an ról ceannaireachta sin i roinnt comhlachtaí).

Dhéanfaidh KOSI na tráchtanna breise seo a leanas:

- Tá an líon Leas-Choimisinéirí (7) atá ag tuairisciú don Choimisinéir iomarcach i ndáil le héifeachtacht sa slabhra ceannais a bharrfheabhsú. Cuireadh in iúl dúinn go bhfuil post eile mar Leas-Choimisinéir le líonadh sa bhliain 2022
- I roinnt cásanna tá an líon Coimisinéirí Cúnta atá ag tuairisciú do na Leas-Choimisinéirí iomarcach i ndáil le héifeachtacht sa slabhra ceannais a bharrfheabhsú

Tá struchtúr grádaithe an DPC i bhfeidhm ó tugadh reachtaíocht maidir le cosaint sonraí isteach ar dtús in Éirinn sa bhliain 1988. Níl sainchúram athraithe an DPC, a bhíodh ina rialálaí beag intíre tráth, agus an ról ceannaireachta Eorpach reatha atá aige faoin GDPR le sonrú i struchtúr eagraíochta an DPC.

Is ionann an buiséad bunaidh €1.7M agus 7.3% de leithdháileadh buiséid an DPC don bhliain 2020.

Is mar údarás cuí dá chuid féin an thugann an DPC aghaidh ar an mbliain 2022 ina bhfuil lucht saothair reatha 195 agus é mar sprioc aige go mbeadh 258 sa líon foirne. Chuir sé deireadh le 16 fiosrúchán reachtúil le 84 oscailte i gcónaí, ar bhain fiosrúchán amháin díobh sin le fíneáil €225m a mholadh i ndáil le WhatsApp.

Thug na hiniúcháirí samplaí faoi deara inar chuir baill foirne sinsearacha dualgais i gcrích a bhféadfaí iad a chur i gcrích ar bhealach níos oiriúnaí ag leibhéal tarmligthe nuair nach bhfuil an t-am atá ar fáil agus an fhreagracht comhoiriúnach le leithead na treorach tarmligthe.

6 Anailís a dhéanamh ar chomhlachtaí rialála comparáideacha san Eoraip


Luadh an méid seo a leanas i dtuarascáil bhliantúil an EDPB don bhliain 2020:

“I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar an GDPR, rinne an EDPB suirbhé i measc na SAnna maidir lena mbuiséad agus baill foirne. Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir SAnna ó 30 tír LEE ar fáil roimh Feabhra na bliana 2020, bhíothas ag súil le méadú ar an mbuiséad don bhliain 2020 in 26 chás. Maidir leis na ceithre SA eile, thuar 3 cinn nach mbeadh aon athrú ann agus ní raibh aon sonraí ar fáil do cheann amháin. De réir an tsuirbhé chéanna, bhí formhór na SAnna (23) ag súil go dtiocfadh méadú ar an líon foirne sa bhliain 2020. Thuar cúig SA nach dtiocfadh méadú ar líon na bhfostaithe ón mbliain 2019 go dtí 2020, agus thuar dhá SA go dtiocfadh laghdú ar an líon foirne. Is féidir bheith ag súil le difríochtaí idir riachtanais phearsanra ar fud na SAnna, i bhfianaise na sainchúraimí éagsúla atá ag na SAnna.”

Fuarthas an tábla thall ó thuarascáil de chuid an EDPB, “Forléargas maidir le hacmhainní a chuir Ballstáit ar fáil d’Údaráis Chosanta Sonraí agus maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a rinne Údaráis Chosanta Sonraí.”


Tír	Daonra M	Eagraíocht	2020 Líon Foirne	2021 Líon Foirne	2020 Buiséad €M	2021 Buiséad €M	2021 Buiséad <i>per capita</i> €
An Fhrainc	67.39	CNIL	225	245	20.1	21.5	0.22
An Ísiltír	17.19	Autoriteit persoonsgegevens	180	175	24.3	26.3	1.53
Éire	5.01	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	145	175	16.9	19.1	3.81
An Danmhairg	5.82	Gníomhaireacht Cosanta Sonraí	60	60	5.8	6	1.03
An Bheilg	11.66	Údarás Cosanta Sonraí	67	67	8.9	9	0.77
An tSualainn	10.19	Údarás um Príobháideacht a Chosaint	91	95	11.2	12	1.18
An Iodáil	60.33	Údarás Cosanta Sonraí	134	133	30.1	35.6	0.59
Lucsamburg	0.64	Coimisiún Náisiúnta um Chosaint Sonraí	53	54	7.2	7.7	12.03
An Ostair	8.93	Údarás Cosanta Sonraí	40	45	2.8	4.2	0.47

Leagtar amach thíos anailís mhionsonraithe arna cur i gcrích ag an EDPB:




NL: It should be noted that the expected budget for 2022 constitutes 19.075.000 million (situation as of mid-July 2021).


DE: Budget for all of the 18 supervisory authorities in Germany.



LT: There are 2 GDPR supervisory authorities in Lithuania, one of which is authorised to supervise the application of GDPR only insofar as it concerns the processing of personal data for journalistic purposes and academic, artistic or literary expression (The Office of the Inspectorate of Journalist Ethics).



Number of staff working on complaints, Enforcement and Sanctions (FTE) State of play on 01/01/2021



Tá éagsúlachtaí suntasacha sa bhuiséad *per capita*, buiséid fhoriomlána agus líon foirne le feiceáil ar fud na n-eagraíochtaí náisiúnta cosanta sonraí.

Tuigtear nach mór cúraimí gach aon rialálaí náisiúnta cosanta sonraí a mheasúnú ar bhonn indibhidiúil.

In ainneoin an mhéid thuas, cuireann na sonraí comparáideacha comhthéacs ar fáil.

Mar gheall ar thaithí oibríochtúil trí rannpháirtíocht i gcásanna mar LSA agus mar CSA, cuirtear níos mó faisnéise agus eolais ar fáil maidir leis an iarracht agus acmhainní atá ag teastáil chun tacú le cláir oibre lena n-airítear cásanna a riar agus a bhainistiú agus fiosrúcháin reachtúla.

7 Conclúidí

Áirítear leis na príomhfhreagrachtaí atá ina gcúis le riachtanas i leith acmhainní:

- tacú le rialaitheoirí agus próiseálaithe reachtaíocht maidir le cosaint sonraí a comhlíonadh ar bhealach níos fearr
- gearáin ó dhaoine aonair a láimhseáil maidir le sáruithe féideartha ar chearta cosanta sonraí
- fiosrúcháin agus imscrúduithe a dhéanamh maidir le sáruithe féideartha ar reachtaíocht maidir le cosaint sonraí
- feidhmeanna maoirseachta agus forfheidhmiúcháin maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs na cumarsáide leictreonaí faoi na Rialacháin r-Phríobháideachais
- rialáil a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus faoi reachtaíocht eile
- feasacht a chur chun cinn i measc eagraíochtaí agus an phobail maidir leis na rioscaí, rialacha, cosaintí agus cearta atá i gceist agus sonraí pearsanta á bpróiseáil
- oibriú i gcomhar le húdaráis cosanta sonraí i mballstáit AE eile maidir le saincheistean a bhaineann le próiseáil trasteorann

Tá méadú suntasach tagtha ar an DPC mar fhreagra ar riachtanais rialála agus ar éileamh an phobail mar thoradh ar na rialacháin GDPR, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, an Treoir um Fhorfheidhmiú an Dlí agus reachtaíocht an AE maidir le r-Phríobháideachtas.

Tá feabhsuithe luach ar airgid (VFM) a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil le samhail reatha an DPC maidir le leithdháileadh acmhainní.

Mar gheall ar an méid atá sa leithdháileadh buiséid, atá ag €22.23M sa bhliain 2022, agus i bhfianaise an méadú atá tagtha air, tá riachtanas ann go mbeadh feidhm airgeadais an DPC suite ag an leibhéal cuí sinsearach sa DPC agus go mbeadh córais i bhfeidhm chun airgeadas a chinntiú, a rialú agus a chosaint agus lena dhearbhu go bhfeidhmíonn an DPC ar bhonn luach ar airgead. Meastar an leibhéal cuí gan a bheith níos ísle ná leibhéal an Phríomhoifigigh.

Cónascann an DPC ról mar sholáthraí faisnéise, mar eadránaí gearáin agus mar eagraíocht forfheidhmiúcháin.

Tá tionchar eile á imirt ar shainchúram an DPC mar rialálaí náisiúnta laistigh de thimpeallacht rialála an AE mar gheall ar láithreachaí líon cuideachtaí teicneolaíochta domhanda atá lonnaithe in Éirinn agus a bhfuil a gceanncheathrú acu in Éirinn.

I ndiaidh an méadú suntasach a tháinig ar an líon cásanna, tá an bhuaic sroichte maidir leis an líon cásanna a bhfuil an DPC ag déileáil leo.

Tá fianaise ann ar dheacracht maidir leis an líon acmhainní a mhéadú agus a choinneáil mar gheall ar iomaíocht i ndáil le hacmhainní oilte sa mhargadh poist.

Forbraíodh samhail eagraíochta an DPC agus na príomhghnéithe bunaithe ar struchtúr na heagraíochta nuair a cuireadh tús léi sa bhliain 2014. Is ionann buiséad 2014 agus díreach os cionn 7% de leithdháileadh an DPC don bhliain 2022.

Tá an grádú sraith 1 sa DPC ar an ngrádú is ísle de ghráid shraith 1 chomparáideacha d’eagraíocht rialála in Éirinn.

Tá an grádú sraith 2 sa DPC ar an ngrádú is ísle de ghráid shraith 2 chomparáideacha d’eagraíochtaí rialála in Éirinn.

Tá an líon Leas-Choimisinéirí (7 gcinn, agus ceapachán eile le dhéanamh go luath) atá ag tuairisciú don Choimisinéir iomarcach i ndáil le héifeachtacht sa slabhra ceannais a bharrfheabhsú. Tugtar faoi deara gur cheadaigh an DPER dhá phost Stiúrthóra nua.

I roinnt cásanna tá an líon Coimisinéirí Cúnta atá ag tuairisciú do na Leas-Choimisinéirí iomarcach i ndáil le héifeachtacht sa slabhra ceannais a bharrfheabhsú.

Tá samplaí ann ina gcuireann baill foirne sinsearacha dualgais i gcrích a bhféadfaí iad a chur i gcrích ar bhealach níos oiriúnaí ag leibhéal tarmligthe.

Bhainfeadh an eagraíocht leas as athstruchtúrú a dhéanamh d’fhonn socruithe grádaithe agus tuairiscithe níos iomchuí a chinntiú. Léirítear i bhfianaise chomparáideach ó chomhlachtaí rialála eile in Éirinn, méadú ar ról an Choimisinéara sa DPC, méadú ar an DPC mar eagraíocht agus measúnú cumais gur chóir go mbeadh ról an Choimisinéara comhionann le Leas-Ard-Rúnaí ar a laghad.

Níl congruacht ann maidir leis an líon caidreamh tuairiscithe idir an Leas-Choimisinéir agus an Coimisinéir Cúnta agus an Coimisinéir agus an Leas-Choimisinéir. I bhfianaise scála, raon agus castacht na bhfreagrachtaí rialála, dlí agus bainistíochta a shreabhann ó leibhéal an Choimisinéara, meastar sraith bhreise os cionn Leibhéal an Phríomhoifigigh, ina gcuimsítear trí (3) phost nua, bheith riachtanach d’fhonn cumas maidir le bainistíocht straitéiseach a neartú. Tugtar faoi deara gur cheadaigh an DPER dhá phost Stiúrthóra nua.

Bliain i ndiaidh bliana, tá ról aonair ceannaireachta ag gach comhlacht comparáideach (in ainneoin go ndéantar uainíocht ar an ról ceannaireachta sin i roinnt comhlachtaí). Meastar an struchtúr reatha ina bhfuil ceannaire aonair, ina bhfuil oifigeach poiblí cuntasach amháin, bheith ar an tsamhail is oiriúnaí don DPC.

Ba chóir go mbeadh sé ina chuid d'athstruchtúrá a dhéanamh ar an DPC athbhreithniú a dhéanamh ar mheicníochtaí tarmligthe agus iad a fheabhsú.

Mar gheall ar Covid, níorbh fhéidir geábhchleachtadh próisis taobh le taobh a dhéanamh san hAonaid Faisnéise agus Measúnaithe maidir le cásanna a bhainistiú agus a riar. Ina ainneoin sin, tá scála agus cineál leanúnach an riaráiste i gcásanna oscailte san Aonad Faisnéise agus san Aonad Measúnaithe ina léiriú go bhfuil acmhainní breise ag teastáil sna réimsí seo.

Ta costas agus infheistíocht i gceist maidir le rialáil. In ainneoin go bhfuil deacrachtaí ann comparáidí a dhéanamh idir rialálaithe sonraí mar gheall ar éagsúlachtaí maidir le sainchúram agus cúinsí ar leith, ar a laghad, tá buiséad *per capita* in Éirinn agus an buiséad foriomlán inchomparáide le heagraíochtaí cosanta eile san AE.

Tá an DPC i mbun a chreat bainistíochta faisnéise a fhorbairt. Tá riachtanas ann forbairt a dhéanamh ar an obair atá á déanamh sa réimse seo. Go háirithe:

- tá bearna sa rianú a dhéantar ar ionchuir ó bhaill foirne de réir gníomhaíochta
- tá bearna sa rianú a dhéantar ar ionchuir ó bhaill foirne de réir cásanna
- tá bearna sa rianú a dhéantar ar ionchuir inmheánacha agus seachtracha de réir Fiosrúcháin
- tá bearna ann maidir le spriocanna a leagan síos i ndáil le cásanna a bhainistiú
- tá bearna ann maidir le spriocanna a leagan síos i ndáil le costais aonaid
- níl sé indéanta costas airmheánach a aithint de réir an cháis
- níl sé indéanta an costas a bhaineann le fiosrúchán a aithint

Agus buiséad á chur le chéile, tá deis ann naisc a fhorbairt idir aschuir, ionchuir agus costas na n-ionchur sin.

In ainneoin go raibh ar an eagraíocht ag déileáil le tionchar na paindéime agus leis na dúshláin a bhí roimpi maidir le hearcaíocht le linn na tréimhse sin, thuairiscigh an DPC gannchaitheamh in aghaidh bhuiséad na bliana 2020 agus 2021. Tugtar faoi deara ó straitéis 5 bliana (2022-2027) an DPC go ndéanfaidh an DPC 'béim chomhthráthach a leagan ar fhorbairt na heagraíochta freisin'.

Tá deis ar fáil don DPC leas a bhaint as straitéisí malartacha chun acmhainní a chur ar fáil ar nós seachfhoinsiú chun dlús a chur le cásanna oscailte a laghdú agus amanna airmheánacha do chásanna a laghdú. D’fhonn sin a dhéanamh, chaithfí aistriú ó bhuiséad pá chuig buiséad neamhphá. Ní mór cinntí maidir leis sin ó thaobh na cothromaíochta idir chomhaontaithe seachfhoinsithe/seirbhíse agus fostaíocht a dhéanamh i dtosach na bliana féilire/airgeadais d’fhonn leas a bhaint as tionchar ó infheistíocht chomh luath agus is féidir. Tá ról tábhachtach ag feidhm airgeadais an DPC freisin chun tacú le hanailís sa réimse seo.

Cuireadh na próisis soláthair sa DPC faoi réir iniúchadh agus tríothu sin, is féidir an luach is fearr a chinntiú maidir le costas agus barainneacht. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar sheachfhoinsiú sa chiall is leithne den fhocal sa chás go bhfuil deis ann éifeachtúlacht níos fearr, mar aon le luach ar airgead níos leithne, a bhaint amach, agus i ndáil le cásanna a láimhseáil agus a riar freisin.

8 Moltaí

1. Moltar go gcuirfeadh an DPC tús le clár aistrithe ina gcuimseofar líon gnéithe éagsúla agus go dtabharfaí ceannaireacht don chlár seo ag leibhéal sinsearach (leibhéal nach ísle ná leibhéal an Phríomhoifigigh) a thuairisceofar do Choiste Stiúrtha Tionscadail agus a bhainisteofar i gcomhréir le prionsabail an dea-chleachtais maidir le tionscadal a bhainistiú, e.g. PRINCE.
2. Moltar go gcuirfí an ghné seo a leanas san áireamh sa chlár aistrithe:
 - a. Athbhreithniú a dhéanamh ar ghrádú
 - i. lena n-áireofar post an Choimisinéara (Sraith 1) d'fhonn athghrádú a dhéanamh agus ceadú a lorg don phost seo ag Leibhéal an Leas-Ard-Rúnaí
 - ii. ceadú a fháil agus trí (3) phost nua a chur i bhfeidhm ag leibhéal os cionn an Phríomhoifigigh i gcomhréir le creat cumais na Státseirbhíse. Moltar go mbeadh na poist bheartaithe do 'Leas-Choimisinéirí Sinsearacha' a thuairisceodh don Choimisinéir agus a thacódh ar bhonn indibhidiúil le, (a) 'Corparáideach, Teicneolaíochta agus Dí' (b) 'Gníomhaíocht Náisiúnta Rialála' agus (c) 'Idirnáisiúnta, Gníomhaíocht Rialála Trasteorann'

Tugtar faoi deara gur ceadaíodh dhá phost sinsearach breise ag leibhéal an Phríomhoifigigh Uachtaraigh, chomh maith le liúntas Stiúrtóra, i ndáil leis an bpost Ard-Abhcóide/Dlíodóir agus an Post mar Cheann Gnóthaí Rialála.
 - iii. Ceadú a fháil agus post a chur i bhfeidhm ag leibhéal an Phríomhoifigigh Uachtaraigh do Phríomhoifigeach Airgeadais a d'fhéadfadh freagrachtaí eile maidir le hAirgeadas a chlúdach
 - iv. próifílí róil agus sainchuntais phoist a fhorbairt i ndáil le poist ag (ii) agus (iii)
 - v. comórtais a bhainistiú agus poist a líonadh ag (ii) agus (iii)

vi. na struchtúir nua seo bheith i bhfeidhm roimh dheireadh ráithe 2, 2022

3. Moltar go gcuirfí an ghné seo a leanas san áireamh sa chlár aistrithe:

- a. Athbhreithniú agus atheagrú a dhéanamh ar phróisis ghnó
Déanfaidh bainisteoirí athbhreithniú ar próisis laistigh dá réimse freagrachta féin.
- b. Spriocanna feidhmíochta a leagan síos.
Moltar go ndéanfaí spriocanna feidhmíochta a aithint, lena n-áirítear spriocanna i ndáil le cásanna a bhainistiú agus a riar. Trí na spriocanna feidhmíochta seo, ba chóir aghaidh a thabhairt ar
 - i. ionchuir ó bhaill foirne de réir gníomhaíochta
 - ii. ionchuir ó bhaill foirne de réir cásanna
 - iii. ionchuir inmheánacha agus seachtracha de réir Fiosrúcháin
 - iv. spriocanna a leagan síos i ndáil le cásanna a bhainistiú
 - v. spriocanna a leagan síos i ndáil le costais aonaid
 - vi. costas sprice airmheánach a bhaineann le fiosrúchán a aithint

4. Moltar go gcuirfí an ghné seo a leanas san áireamh sa chlár aistrithe:

- a. Tionscadal Bainistíochta Faisnéise
 - i. Ba chóir go gcuirfí san áireamh sa Tionscadal Bainistíochta Faisnéise:
 - ii. Baill foirne agus am seachtrach/ionchuir a aithint agus a thaifeadadh de réir gníomhaíochta agus de réir an cháis
 - iii. Ionchuir agus costais a aithint do gach fiosrúchán reachtúil
 - iv. Ionchuir iarbhír a aisghabháil chun iad a chur i gcomparáid le ionchuir sprice agus anailís a dhéanamh orthu dá réir
 - v. Ionchuir (am) a chomhtháthú le measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht agus an t-am a chaitear idir cásanna a oscailt agus deireadh a chur leo
 - vi. Samhail Chostála DPC atá Bunaithe ar Ghníomhaíocht a ullmhú lena athbhreithniú agus a chur i gcomparáid gach aon bhliain agus in aghaidh na sprice

Beidh córais faisnéise feabhsaithe ag teastáil i leith an méid thuas.

5. Moltar go ndéanfaí spriocanna feidhmíochta a chomhtháthú leis an bpróiseas buiséadaithe agus tairisceana DPER don bhliain 2023 agus ina dhiaidh sin
6. Moltar go ndéanfaí na torthaí ó mholadh 3 thuas a úsáid chun bonn eolais a dhéanamh don chothromaíocht amach anseo idir baill foirne an DPC a earcú, a oiliúint agus a fhorbairt agus seachfhoinsiú. Ba chóir moladh 3 a chur chun cinn ar bhonn tosaíocht tionchair agus ba chóir bonn eolais a chur faoi straitéis agus soláthar seachfhoinsithe agus gníomhú ina leith chomh luath agus is féidir de réir thorthaí an ghnímh sin.

Moltar go ndéanfaí gach moladh a thabhairt ar aghaidh ar bhonn tionscadail d'fhonn forfheidhmiú a chinntiú le linn na mblianta 2022/2023.

Tríd an tsraith moltaí seo, meastar go mbeidh an eagraíocht níos oilte agus níos cumasaí amach anseo i ndáil lena cuspóirí corparáideacha a chomhlíonadh, bainfear an riosca go bhféadfadh cliseadh ar an eagraíocht agus cuirfear ar chumas an DPC freisin VFM a córas seachadta a thaispeáint agus a dhearbhu ar bhealach níos fearr ina cumarsáid leis an DPER agus an rialtas i gcoitinne.

9 Admháil

Ba mhaith le KOSI aitheantas a thabhairt don chúnamh agus don chomhoibriú a fuarthas ón DPC le linn an iniúchta seo.

Aguisín 1 – Ráiteas maidir le Freagracht

Glacann KOSI freagracht as an tuarascáil seo, a ullmhaíodh ar bhonn na sianta a leagtar amach thíos.

Is iad na saincheisteanna a ardaíodh sa tuarascáil seo na saincheisteanna ar thugamar aird orthu le linn na hoibre iniúchta agus ní gá gur ráiteas cuimsitheach iad ar na laigí ar fad atá ann ná ar na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ba chóir don Bhainistíocht measúnú a dhéanamh ar na moltaí i ndáil le feabhsuithe mar gheall ar an tairbhe, an tionchar agus an costas iomlán a bhainfeadh le hiad a chur i bhfeidhm sula ndéantar iad a chur i bhfeidhm.



.....

Thar ceann Chorporáid KOSI Teoranta

Eanáir 2022